


**Díol spéise daoibh, a mhúinteoirí:**

Is é aidhm aonaid Pathways scoláirí ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna gairme, ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus smaoineamh go háirithe ar an teagasc mar shlí bheatha inmhianaithe.

Is tionscnamh de chuid an Tionscadail Conaire iad na haonaid seo, arna maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), atá lonnaithe san Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC).

Tá 3 aonad ann le haghaidh scoláirí an 3ú bliain, a mhaireann thart ar 2 uair an chloig an ceann:

- Aonad 1: Mo shaol ar fad
- Aonad 2: Riachtanais agus Bealaí
- Aonad 3: Réaltacht fhíorúil

<u>Roinnt pointí tábhachtacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn aonaid Conairí</u>:

- Tá na sleamhnáin réidh le húsáid sa seomra ranga.
- Tá teacht ar nótaí an mhúinteora chomh maith le treoir céim ar chéim do na gníomhaíochtaí ar gach sleamhnán sa PDF a ghabhann leis seo.
- Tá sé tábhachtach sleamhnáin a thaispeáint sa mhodh léirithe (mura moltar a mhalairt a dhéanamh i nótaí an mhúinteora), ós rud é go mbraitheann roinnt gníomhaíochtaí ar bheochan. Sa chás go bhfuil beochan ar shleamhnán, luafar a leithéid i nótaí an mhúinteora.

- Nuair is i gcló iodálach atá téacs i nótaí an mhúinteora, tugann sé sin le fios gur cheart don mhúinteoir é a úsáid le linn bheith ag caint le scoláirí; aon uair nach bhfuil an téacs i gcló iodálach, d’fhéadfaí glacadh leis gur treoir atá ann don mhúinteoir amháin.
- Is beag ullmhúchán atá ag teastáil ar ábhair. Ó am go chéile agus más dóigh leat go bhfónfadh a leithéid do do chuid scoláirí, is féidir fótachóip a dhéanamh de na sleamhnáin roimh an rang. Más gníomhaíochtaí iad a mbeidh ullmhúchán le déanamh dóibh, luafar a leithéid sin duit ar Shleamhnán 2 agus sna nótaí sleamhnáin.

Go raibh maith agat as triail a bhaint as na haonaid Conairí!

## Aonad 3: Réaltacht fhíorúil

**Fad:** Thart ar 2 uair a chloig

### Cuspóirí foghlama molta

Táimid ag foghlaim conas...

- luach an dea-chaidrimh idir múinteoirí/léachtóirí agus daltaí a phlé
- tábhacht roghanna na sraithe sinsearaí a shainaithint
- ábhar na hArdteistiméireachta, modúl GCAT nó modúl ATF a phróifíliú
- an méid a d'fhoghlaimíomar ó na haonaid Conairí a úsáid chun daoine eile a spreagadh a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin


| Sleamhnáin | Gníomhaíocht | Cad a bheidh ar bun againn? |
|---|---|---|
| 3 | | Réamheolas ar na deilbhíní |
| 4-6 | 1 | Aithne níos fearr a chur ar ár múinteoir \| ag smaoineamh faoi ról na ndaltaí agus na múinteoirí araon maidir le dea-chaidrimh a fhorbairt **NB: seiceáil na ceisteanna ar Shleamhnán 6 le cinntiú go bhfuil tú sásta iad sin a fhreagairt.** |
| 7-8 | 2 | Ag foghlaim faoin idirbhliain (IB), faoin Ardteistiméireacht (Bhunaithe), faoi Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) |
| 9-10 | 3 | Ábhar na hArdtéistiméireachta, modúl GCAT nó modúl ATF a phróifíliú d'fhonn eolas a dhéanamh dár roghanna sraithe sinsearaí **NB: bheadh an t-idirlíon úsáideach don ghníomhaíocht seo** |
| 11-12 | 4 | Tacaí a shainaithint do mhic léinn ar chúrsaí ollscoile **NB: teastaíonn rochtain ar an idirlíon don ghníomhaíocht seo** |
| 13 | 5 | Machnamh a dhéanamh ar ár bhfoghlaim Conairí trí phóstaer spreagúil a chruthú |
| 14 | | Ag seiceáil isteach leis na cuspóirí foghlama |
| 15 | Ceacht le cois | Turas fíorúil a chruthú ar ár scoil, agus faisnéis dírithe ar an tsraith shinsearach |

### Táscairí Folláine


- Feasach
- Nasctha
- Athléimneach
- Freagrach

### Eochairscileanna

- Léamh agus scríobh a bheith agat
- Mé féin a bhainistiú
- Ag fanacht ar fónamh
- Ag bainistiú eolais agus ag smaoineamh
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile
- Cumarsáid


Aonad 3, Réamheolas
Haigh. Is mise Alex.
Deas buaileadh leat!
Tá mé anseo le hinsint duit go mbainimid úsáid as deilbhíní (na pictiúir bheaga thíos) san aonad seo. Cuideoidh siad sin leat an méid a bheidh á dhéanamh agat le linn na ngníomhaíochtaí éagsúla a thuiscint. Bain sult as (agus bí ag foghlaim)!
Obair aonair
Plé ranga
Obair i bpéirí
Léamh
Obair ghrúpa
Gníomhaíocht le cois

**SLEAMHNÁN 3**




**SLEAMHNÁN 4**

**Nótaí an mhúinteora**

*Nuair a fiafraíodh de scata páistí sé bliana d'aois cad a mheas siad a bheith ar siúl ag múinteoirí i rith an tsamhraidh, is iad seo na freagraí a thug siad ar an gceist sin:*

Roinn an rang i mbeirteanna.


*In éineacht le do pháirtí comhrá:*

- *pléigh cad a bhíonn ar siúl ag múinteoirí i rith an tsamhraidh, dar leat.*
- *smaoinigh ar ceist (chuí) amháin ar mhaith leat go bhfreagródh an múinteoir í.*

Faigh aiseolas ó rogha péirí.

Coinnigh cuimhne ar na ceisteanna do mhúinteoirí a bheifeá sásta a fhreagairt. Cuir na ceisteanna seo isteach i Sleamhnán 6 (agus é i ngnáth-mhód).

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart do na scoláirí fanacht sna beirteanna céanna don chéad sleamhnán eile.




**SLEAMHNÁN 5**

**Nótaí an mhúinteora**

Iarr ar gach beirt dul i bpáirt le beirt eile.

Suigh síos i gcathaoir i gceartlár an ranga.

*Táimid chun seisiún ‘suíochán te’/diancheistithe a dhéanamh inar féidir libh roinnt ceisteanna a chur orm, ceisteanna cosúil leis na cinn atá ar an sleamhnán.*


*Ar dtús báire, ní mór cloí le cúpla riail agus sinn ina bhun seo:*

*(1) níl cead ag gach grúpa ach aon cheist amháin a chur (mura ritheann aon cheist leat, roghnaigh ceist ón sleamhnán le cur).*

*(2) caithfidh na ceisteanna díriú ar mo ról mar mhúinteoir nó ar an mbealach a bhí le gabháil agam le héirí i mo mhúinteoir.*

*(3) An-tábhachtach - caithfidh na ceisteanna a bheith cuí/measúil (ní hionann sin agus a rá nach féidir ceisteanna greannmhara a chur). Más léir go sáraíonn ceist na critéir seo, tá de cheart agam diúltú í a fhreagairt.*

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart do na scoláirí fanacht sna beirteanna céanna don chéad sleamhnán eile.




**SLEAMHNÁN 6**


**Nótaí an mhúinteora**

Fiafraigh ar a bhfuil i láthair an bhfuil duine ina measc a bheadh sásta scéal Aideen (ar an sleamhnán) a léamh amach os ard.

*I measc do ghrúpa, pléigh na nithe seo a leanas gan ainm aon duine a lua:*

- *Cad iad na comharthaí a thugann le fios go bhfuil dea-chaidreamh ann idir scoláirí agus múinteoirí?*
- *Cé air a bhfuil sé de fhreagracht a chinntiú go mbíonn dea-chaidreamh ann idir múinteoirí agus scoláirí? Cad is féidir le múinteoirí a dhéanamh le hé seo a chinntiú? Cad is féidir le scoláirí a dhéanamh le hé seo a chinntiú? Cén ról atá ag lucht bainistíochta na scoile, nó tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis seo?*
- *Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh dea-chaidreamh ann idir múinteoirí agus scoláirí?*

Faigh aiseolas ó roinnt grúpaí.




**SLEAMHNÁN 7**

**Nótaí an mhúinteora**

Fiafraigh ar a bhfuil i láthair an bhfuil duine ina measc a bheadh sásta scéal Nasir (ar an sleamhnán) a léamh amach os ard.

Déan plé ranga uile a éascú agus leas á bhaint agat as na ceisteanna seo a leanas mar leideanna:

- *Cad atá ar eolas agat faoin Idirbhliain?*
- *Cén fáth a dtugtar 'Idirbhliain' uirthi, meas tú?*
- *Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an Idirbhliain?*

*Is éard is an Idirbhliain ann clár neamhspleách bliana (í roghnach de ghnáth) atá mar an chéad bhliain sa tsraith shinsearach a mhaireann trí bliana in go leor meánscoileanna. Dearadh í le bheith ina droichead idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach. Is faoi gach scoil atá sé a clár Idirbhliana féin a dhearadh laistigh de threoirlínte socraithe le gur féidir é a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí, do na nithe is spéis leo, agus do chúinsí na háite.*

*Is deis í an Idirbhliain do dhaltaí teacht in inmhe agus forbairt phearsanta a dhéanamh. Bíonn am agat san Idirbhliain chun machnamh a dhéanamh ar na nithe ar mhaith leat díriú orthu sa $5^{ú}$ agus sa $6^{ú}$ bliain. Is deis í freisin chun machnamh a dhéanamh ar conas an fhoghlaim a chur chun fónaimh duit féin le thú féin a ullmhú don shaol oibre a bheidh romhat mar dhuine fásta, do phrintíseachtaí, agus/nó d'ardoideachas. Is deis iontach í an Idirbhliain chun éirí muinteartha le daoine ar comhaois leat nó le do mhúinteoirí. Beidh na caidrimh seo mar thaca agat treabhadh leat nuair a bheidh do sháith le déanamh agat sa $5^{ú}$ agus $6^{ú}$ bliain.*

**Aonad 3, Gníomhaíocht 2**

## An Ardteistiméireacht (Bhunaithe)

| | |
|---|---|
| Teangacha | **Gaeilge, Béarla,** Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Laidin, Gréigis, Spáinnis, Araibis, Seapáinis, Rúisis, Léann Clasaiceach, Léann Eabhrach, Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis<br>*Sa bhreis air sin, tá scrúduithe na hArdteistiméireachta i dteanga ar bith de theangacha aitheanta an Aontais Eorpaigh agus Úcráinis indéanta má chomhlíonann tú critéir áirithe.* |
| Eolaíochtaí | Matamaitic Fheidhmeach, Bitheolaíocht, Ceimic, **Matamaitic**, Fisic |
| Staidéir Ghnó | Cuntasaíocht, Gnó, Eacnamaíocht |
| Eolaíochtaí Feidhmeacha | Eolaíocht Talmhaíochta, Staidéir Foirgníochta, Innealtóireacht, Eacnamaíocht Bhaile, Dearadh agus Grafaicí Cumarsáide, Teicneolaíocht, Eolaíocht Ríomhaireachta, Corpoideachas |
| Eolaíochtaí Sóisialta | Ealaín, Tíreolaíocht, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Polaitíocht agus an tSochaí, Oideachas Reiligiúnach |



Mar Eolas Duit: Tá an tSraith Shinsearach (atá comhdhéanta den Idirbhliain, an 5ú Bliain agus an 6ú Bliain - na 3 chlár go léir) i mbun athraithe faoi láthair. D'fhéadfadh roinnt de na hathruithe sin dul i bhfeidhm ort. Mar shampla, teagascfar 2 ábhar bhreise nua den Ardteistiméireacht i scoileanna áirithe ó Mheán Fómhair 2026:

- Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe
- Drámaíocht, Staidéar Scannán agus Léann na hAmharclannaíochta

**SLEAMHNÁN 8**

**Nótaí an mhúinteora**

*Tá trí chlár Ardteistiméireachta ann: An Ardteistiméireacht (Bhunaithe) (ar an sleamhnán) Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF).*

*Ar chuala tú trácht ar na cláir seo cheana? Cad atá ar eolas agat fúthu?*

*Is í an Ardteistiméireacht Bhunaithe an clár a dhéanann formhór na ndaltaí iar-bhunscoile. Ar an ábhar seo, tabharfaidh mé cuntas maith daoibh ar an gclár seo ach caithfimid súil ar na cláir eile freisin.*

*Breac síos nótaí fad is atá na cláir éagsúla á míniú agam agus ná bíodh leisce oraibh ceisteanna a chur orm fúthu.*

*Is clár dhá bhliain í an Ardteistiméireacht Bhunaithe ina ndéanann daltaístaidéar ar 7 n-ábhar de ghnáth: 3 chroí-ábhar arb í an Ghaeilge (ach amháin má tá díolúine agat ina leith), an Béarla agus an Mhatamaitic iad, agus 4 ábhar eile ó liosta na n-ábhar roghnach.*

*I láthair na huaire, agus do phointí CAO á ríomh le háit a fháil ar chúrsaí éagsúla, is iad na 6 ábhar is fearr agat in aon bhabhta amháin de thorthaí Ardteistiméireachta a chuirfear san áireamh.*

*Ba cheart triail a bhaint i gcónaí as staidéar a dhéanamh ar ábhair ar an leibhéal is airde a bhfuil ar do chumas óir tugann sé sin an seans is fearr duit na pointí is mó CAO ar do chumas a ghnóthú.*


*<u>Maidir le Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)</u> is clár 2 bhliain é ina ndéanann daltaí staidéar ar 5 ábhar - Béarla, Gaeilge agus dhá ábhar eile ó ghrúpaí ábhar gairme sainithe, agus Nua-Theanga Eorpach (seachas an Ghaeilge nó an Béarla). Déanann daltaí trí nascmhodúl ar Oideachas Fiontraíochta, Ullmhú don Shaol na hOibre agus Taithí Oibre.*

*Mar mheasúnú, cuireann na daltaí punann le chéile a bheidh mar 60% dá ngrád foriomlán. An scrúdú deireadh cúrsa a chuirtear ar siúl i mí na Bealtaine sa 6ú bliain, tá an 40% atá fágtha le fáil air sin. Bronntar an GCAT ar thrí leibhéal: Pas; Pas le Tuillteanas; agus Pas le Gradam. Bronntar pointí CAO as na gráid seo.*

*<u>Is éard atá san Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)</u> clár Ardteistiméireachta 2 bhliain ina bhféachtar le daltaí a ullmhú don saol oibre agus do shaol an duine fhásta. Tá ceithre bhloc leathbhliana le déanamh san ATF, nó seisiúin leathbhliana más maith leat. Faightear creidiúint as an méid a bhaintear amach i ngach seisiún.*

*Is féidir modúil a dhéanamh i dtrí phríomhréimsí: Ullmhú do Ghairm; Oideachas Ginearálta; agus Gairmoideachas. Tá béim 'gairme' ag an ATF, rud a fhágann go bhfuil sí dírithe níos mó ar phoist agus ar fhostaíocht ná an dá chlár eile.*

*Is minic nach mbíonn fonn ar dhaltaí a dhéanann an clár ATF dul díreach ar aghaidh chuig an ollscoil agus gabhann go leor acu an bealach Breisoideachais & Oiliúna (BOO) orthu féin fad is a théann cuid eile acu díreach isteach i bpost. Bronntar an ATF ar thrí leibhéal: Pas; Pas le Tuillteanas; agus Pas le Gradam.*




**SLEAMHNÁN 9**

**Nótaí an mhúinteora**

Fiafraigh ar a bhfuil i láthair an bhfuil duine ina measc a bheadh sásta scéal Larissa (ar an sleamhnán) a léamh amach os ard.

*Nuair a bheartaigh Larissa ar éirí as gabháil don dhlíodóireacht mar ghairm bheatha agus athoiliúint a chur uirthi féin le bheith ina múinteoir bunscoile, b'éigean di obair go dian chun an mheirg a bhaint dá cuid Gaeilge. Bhí an t-ádh uirthi, áfach, go ndearna sí Gaeilge ardleibhéil don Ardteistiméireacht. Seans gur cuimhin libh ó Aonad 2 go bhfuil Gaeilge ardleibhéil ina riachtanas iontrála íosta le haghaidh an chúrsa ollscoile lena gcáilíonn duine mar mhúinteoir bunscoile. Ach amháin má theastaíonn uait an Ghaeilge a mhúineadh, ní gá Gaeilge ardleibhéil a bheith agat le múineadh iar-bhunscoile a dhéanamh.*

*Thuigfí ó scéal Larissa a thábhachtaí agus atá sé a bheith cúramach agus na hábhair a dhéanfaidh tú don Ardteistiméireacht á roghnú agat.*

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

*I measc do ghrúpa, roinn an méid atá ar eolas agat faoi ábhair a roghnú don Ardteistiméireacht. Mar shampla:*

- *An bhfuil aon tuairim agat faoin na hábhair a mbeadh dúil agat iontu?*


- *An bhfuil a fhios agat cad iad na poist/gairmeacha beatha is féidir a fháil leis na hábhair atá ar fáil i do scoilse?*
- *Conas is féidir leat tú féin a ullmhú chun meascán ábhar a roghnú a fhónfaidh duit amach anseo? Cá háit ar féidir leat dul nó cé hé ar féidir leat labhairt leis nó leis má tá cabhair uait leis seo?*

Faigh aiseolas ó roinnt grúpaí.

**NB:** Nuair is féidir, freagair na ceisteanna a thagann aníos agus tabhair aghaidh ar aon mhíthuiscint a tháinig chun cinn le linn don ghrúpa a bheith i mbun plé. Meabhraigh do na scoláirí go bhfuil gairmthreoir ar fáil mar thaca dóibh sa scoil.

*Is é an chomhairle ghinearálta is fearr is féidir a thabhairt maidir le hábhair a roghnú don Ardteistiméireacht:*

- *roghnaigh na hábhair is spéis leat agus a bhfuil bua agat chucu (téann an dá rud le chéile go minic)*
- *Smaoinigh faoi na hábhair a théann go maith le chéile (m.sh. Staidéar Gnó agus Eacnamaíocht Bhaile, nó Matamaitic, Fisic, agus an Mhatamaitic Fheidhmeach*).
- *má tá a fhios agat cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a fhágann tú an scoil, bí cinnte taighde a dhéanamh ar na hábhair a thacóidh leis seo (cuir i gcás, na riachtanais iontrála le haghaidh cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais)*
- *ná bí buartha mura bhfuil a fhios agat cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a fhágann tú an scoil, tarlaíonn sé seo go minic. Is straitéis mhaith í an 3ú teanga agus ábhar eolaíochta a roghnú óir tabharfaidh sí seo breis roghanna duit amach anseo.*




**SLEAMHNÁN 10**

**Nótaí an mhúinteora (Tabhair faoi deara: beidh gá leis an idirlíon chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh)**

**Tabhair faoi deara:** Is le gearrchuntas a thabhairt ar ábhar Ardteistiméireachta ar leith atá na ceannteidil ar an sleamhnán seo. Ag brath ar do rang, seans nár mhiste mionathrú a dhéanamh ar na ceannteidil le hiad a chur in oiriúint dóibh, m.sh. gearrchuntas ar mhodúl ATF. Beidh gá le ham a thabhairt do na scoláirí tar éis an ranga an dá cheannteideal dheireanacha a líonadh isteach, agus seans go mbeidh ort tacú leo labhairt le múinteoirí na n-ábhar ábhartha agus le daltaí sa tsraith shinsearach.

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

*Le cabhrú linn cinntí maithe a dhéanamh nuair a thagann an t-am chun ábhair a roghnú don Ardteistiméireacht, táimid chun roinnt gearrchuntas ar ábhar a chruthú.*

Ag brath ar do rang, lig do na grúpaí ábhar a roghnú le gearrchuntas a scríobh air nó sann ábhar do gach grúpa (féach Sleamhnán 8 le haghaidh liosta na n-ábhar).

*Ní mór na ceannteidil a luaitear ar an sleamhnán seo a úsáid. Más maith leat, is féidir 1-2 cheannteideal a chur leo.*

Ag brath ar do rang, b'fhéidir nár mhiste roinnt de na naisc fhónta seo a leanas a roinnt leo:

- Ábhair na Sraithe Sinsearaí | Curaclam ar Líne ; Ábhair Ardteistiméireachta | CareersPortal.ie; tá roinnt scoileanna ann a chuir a dtreoirleabhar féin faoi ábhair le chéile agus a d'fhoilsigh é, m.sh.
  Guide to Leaving Cert Subject Options | Stepaside ETSS
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) | Curaclam ar Líne
- LCA | CareersPortal.ie ; An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | NCCA




**SLEAMHNÁN 11**

**Nótaí an mhúinteora (Tabhair faoi deara: beidh gá leis an idirlíon chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh)**

*Féachaimis anois ar fhíseán gearr ina dtugann daoine óga i mbun cúrsaí oideachais le haghaidh múinteoirí a dhéanamh turais threoraithe timpeall Institiúid Oideachais OCBÁC (Campas Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath).*

*Agus tú ag féachaint air, breac síos nóta faoi aon ní is spéis leat nó a chuireann fonn ort freastal ar Institiúid Oideachais OCBÁC.*

Cuir an físeán ar an sleamhnán ar siúl (3.53 nóiméad) (féach: Campas Choláiste Pádraig de chuid Institiúid – Oideachais OCBÁC - Turas Fíorúil)

Ag brath ar do rang, seans nár mhiste an físeán a chur ar siúl faoi dhó.

Faigh aiseolas ó shampla ionadaíoch de na grúpaí.

*Anois, machnaigh ar feadh nóiméid ar aon rud a bheadh dúshlánach nó deacair, dar leat, faoi dhul ar an ollscoil nó freastal ar choláiste breisoideachais.* [Freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt: níor fhreastail aon duine i mo theaghlach ar an ollscoil/ar choláiste roimhe seo (d'fhéadfadh bac ar chumas an teaghlaigh tacú le héilimh acadúla

a bheith taobh thiar de seo), easpa airgid a fhágann go mbíonn orm obair go páirtaimseartha nó go lánaimseartha fad is atáim ag gabháil don staidéar (rud a d’fhéadfaí cur isteach ar chumas mic léinn riachtanais acadúla an chúrsa a shásamh), easpa scileanna digiteacha, easpa féinmhuiníne faoi mo chumas foghlama].

Faigh aiseolas ó shampla ionadaíoch de na grúpaí.


*Féachaimis ar an bhfíseán arís. An uair seo, breac síos nótaí faoi aon thacaíocht mic léinn a luaitear san fhíseán.* [Freagra: ionad comhairle do mhic léinn, oifig rochtana, oifig gairmeacha, tacaíocht foghlama agus do dhaoine faoi mhíchumas, comhairleoireacht agus forbairt phearsanta, seirbhís cúnaimh airgid]

Roinn an rang ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, ag brath ar líon na ngléasanna atá ar fáil.

Sann aon thacaíocht mic léinn amháin do gach beirt/grúpa (féach na hipearnaisc thuas).

*Agus tú i mbun an t-eolas faoin tacaíocht mic léinn a sannadh duit a chíoradh, tabhair do mheas faoi cad é an dúshlán nó an deacracht a bhfuiltear ag iarraidh freastal air leis an tacaíocht mic léinn seo.*

Iarr aiseolas ar shampla ionadaíoch de bheirteanna/de ghrúpaí.





**SLEAMHNÁN 12**

**Nótaí an mhúinteora**

Fiafraigh ar a bhfuil i láthair an bhfuil duine ina measc a bheadh sásta scéal Lena (ar an sleamhnán) a léamh amach os ard.

*Le cois na dtacaíochtaí mic léinn a luamar cheana, luann Lena tacaíocht eile a chabhraigh léi a céim a bhaint amach. Cad iad seo?* [Freagra: léachtóirí agus na grúpaí ranga a bheith beag].

*Is ionann saol na hollscoile nó an choláiste agus a bheith ar scoil sa mhéid is go mbíonn tú ag brath go mór ar éirí muinteartha leis na daoine mórthimpeall ort le mothú go bhfuil tú san áit is dual duit agus le tacú leat barr do chumais a bhaint amach.*





**SLEAMHNÁN 13**

**Nótaí an mhúinteora**

An téacs atá ar an sleamhnán, léigh amach os ard é.

Ag brath ar do rang, seans nár mhiste na haonaid/gníomhaíochtaí Conairí éagsúla a rinne na scoláirí go dtí seo a mheabhrú dóibh. Seans go bhfónfaidh an tábla ar Sleamhnán 2 do seo.

Ach cead a fháil ó na scoláirí féin ina leith, seans go ndéanfadh sé maitheas don chéad rang eile a threoróidh tú trí na haonaid Conairí póstaeir chríochnaithe an ranga a chuaigh rompu a fheiceáil.





**SLEAMHNÁN 14**

**Nótaí an mhúinteora**

Léigh gach intinn foghlama os ard.

Iarr ar na daltaí ordóg a thabhairt duit má bhraitheann siad go bhfuil an rún foghlama bainte amach acu, ordóg anuas má tá tacaíocht fós ag teastáil uathu agus dorn mura bhfuil siad cinnte.




**SLEAMHNÁN 15**

**Nótaí an mhúinteora**

Tá an ghníomhaíocht bhreise a mholtar ar an sleamhnán seo nasctha le Gníomhaíocht 2 (Sleamhnán 7-8), le Gníomhaíocht 3 (Sleamhnán 9-10) agus le Gníomhaíocht 4 (Sleamhnán 11).

Tionscadal Conaire
Institiúid Oideachais
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath